Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2023 - 2025

**Arna ghlacadh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an**



## Déan do Chuid le do thoil – Coinnigh Contae na Gaillimhe Saor ó Bhruscar

*Clár Ábhar*


**1. Réamhrá** **Uimhir Leathanaigh.**

1.1. Réamhrá 3

1.2. Cúlra an Phlean Bainistíochta Bruscair 3-4

1.3. Próiseas Comhairliúcháin 5

**2. Bruscar agus an Dlí**

2.1. Sainmhíniú ar Bhruscar 6

2.2 Freagrachtaí a bhaineann le bruscar a chosc 7

2.3 Salú ag madraí 8

2.4. Póstaeir agus comharthaí sealadacha 8

2.5. Fodhlíthe Dramhaíola 8

2.6 Plean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta 8

2.7 Forfheidhmiú/Fíneálacha 8

**3. Dul chun cinn ó Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022** 9 -13

**4. Cuspóirí agus Gníomhartha an Phlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025** 14 -17

**5. Aguisíní**

1. Suirbhé Monatóireachta Náisiúnta maidir le Truailliú ó Bhruscar 18-20

2. Táscairí Feidhmíochta 20

3. Láithreáin Chonláiste Chathartha i gContae na Gaillimhe 21-23

4. Liosta de Láithreáin Fág Anseo i gContae na Gaillimhe 24-26

5. Eolas Teagmhála 27


DRÉACHT

# 1. Réamhrá

## 1.1 Contae na Gaillimhe– Forbhreathnú

Tá Contae na Gaillimhe ar an dara contae is mó in Éirinn, le roinnt ceantar láidir Gaeltachta sa Chontae. Lena tírdhreach garbh agus na hoileáin áille, mar aon lena hoidhreacht chultúrtha shaibhir, is ceann scríbe turasóirí í a bhfuil an-tóir uirthi. Tá imeallbhord ag an gContae a shíneann chomh fada le beagnach 700 ciliméadar agus le os cionn 200 loch, Loch Coirib, atá clúiteach san áireamh. Tá ceithre phríomhoileán a bhfuil cónaí orthu ann sa Chontae freisin.

Cuireann bruscar le díghrádú ár dtimpeallachta áitiúil. Ós rud é go bhfuil sé thar a bheith sofheicthe, is smol é ar thírdhreach ár mbailte, ár bpobail tuaithe agus ár n-acmhainní nádúrtha. Baineann sé ó cháil na Gaillimhe mar gheall ar a timpeallacht nádúrtha ghlan agus féadann sé lorg buan a fhágáil ar chuairteoirí. Bíonn an costas a bhaineann le dul i ngleic le bruscar mar tharraingt shuntasach ar chistí áitiúla agus ar acmhainní daonna. Tá tromlach na ndaoine i nGaillimh tiomanta go gníomhach do chosc agus díothú bruscair inár bpobail, inár dtimpeallacht áitiúil, agus sa chomhshaol muirí. Féadann bruscar a chinntiú nach bhfuil ár gcontae chomh tarraingteach le haghaidh fóillíochta, turasóireachta agus infheistíochta. Is cuid thábhachtach é easpa bruscair chun Contae na Gaillimhe a choimeád go hálainn agus chun a trádáil turasóireachta ríthábhachtach a chothabháil.

Léiríonn Réamhthorthaí Dhaonáireamh 2022 fás 8% ar an daonra ón daonáireamh deiridh in 2016 go 192,995 (gan Cathair na Gaillimhe san áireamh).

## 1.2 Cúlra an Phlean Bainistíochta Bruscair

Tá Plean Bainistíochta Bruscair nua dréachtaithe le cur in ionad an phlean reatha 2019-2022 do Chontae na Gaillimhe. Faoi Ailt 10 go 13 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 arna leasú, ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla glacadh le Pleananna Bainistíochta Bruscair dá limistéir feidhme. Forordaíonn an reachtaíocht na comhpháirteanna íosta sonracha de Phlean Bainistíochta Bruscair, a éilíonn eolas ar ghníomhaíochtaí coiscthe agus rialaithe bruscair agus socrú beartas agus cuspóirí cuí do thréimhse trí bliana an phlean.

Bunaíonn an Plean Bainistíochta Bruscair 2023 – 2025 ár gcuspóirí maidir le cosc agus bainistiú bruscair, forfheidhmiú na reachtaíochta bruscair i gContae na Gaillimhe agus na bealaí chun iad a bhaint amach. Aithníonn an Plean an gá atá le béim ar chur chuige iltoiseach chun bruscar a chosc. Ní mór go mbeadh gach earnáil bainteach le dul i ngleic le fadhb an bhruscair, an pobal chomh maith leis an earnáil tráchtála agus an tÚdarás Áitiúil. Cé go bhfuil méadú faoi fheasacht ar an tábhacht atá le Contae na Gaillimhe a choinneáil saor ó bhruscar, tá gá fós le dearcthaí agus iompraíocht a athrú chun a aithint go bhfuil caitheamh bruscair frithshóisialta. Is fearr aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo trí chur chuige comhpháirtíochta ina bhfuil baint ag na príomhpháirtithe leasmhara go léir sa tsochaí le feasacht a ardú ar bhruscar agus a éifeachtaí, chomh maith le hathbhreithniú agus feabhas, nuair is iomchuí, ar ról na n-údarás áitiúil féin maidir le bruscar a chosc agus a rialú.

Ceann de na príomhghníomhaíochtaí chun an straitéis seo a bhaint amach is ea bearta rialaithe bruscair a chur I bhfeidhm. Tá an méid bruscair a loiteann ár gcosán, sráideanna, páirceanna agus tránna ar cheann de na mórcheisteanna comhshaoil gur gá don chontae aghaidh a thabhairt air. Is ábhar imní ar leith fós é salú ag madraí agus bruscar cois bóthair. Ar leibhéal amháin, is féidir athrú den sórt sin a bhaint amach trí fheasacht mhéadaithe ar chaitheamh bruscair, na cúiseanna atá leis agus a iarmhairtí. Ar leibhéal eile, beidh gá le forfheidhmiú dian le fíneálacha ar an láthair agus ionchúisimh. Is iad príomhchuspóirí an Phlean Bainistíochta Bruscair ná:

DRÉACHT

- **Bearta Oideachais agus Feasachta**
- **Comhpháirtíocht agus Tacaíocht Pobail**
- **Bearta Cosc agus Rialaithe Bruscair na nÚdarás Áitiúil**
- **Bearta Forfheidhmithe agus Rialúcháin**

Féachann an Plean le laghdú leanúnach a bhaint amach ar an leibhéal truaillithe bruscair ar fud an chontae. Déanfar monatóireacht ar fheidhmíocht ina leith seo trí fheidhmiú bliantúil an Chórais Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar. (Féach ar Aguisín 1).

Trí ghníomhartha beartais straitéiseacha a chur i bhfeidhm go cúramach do gach ceann dár gcuspóirí is féidir linn ár bhfís uileghabhálach a bhaint amach maidir le Contae na Gaillimhe a choinneáil saor ó bhruscar a thacaíonn le Plean Corparáideach Chontae na Gaillimhe.


Tá sé fíor-riachtanach go bhfeicfear go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe féin mar cheannaire ar an bhfeachtas ar son Chontae saor ó bhruscar agus chuige sin caithfidh cleachtais oibre na foirne a chinntiú go dtógtar gach beart riachtanach chun deireadh a chur le scaipeadh an bhruscair mar gheall ar aon oibreacha.




*Lúnasa 2022 – Seoladh an Chláir Siúlóirí Glasa Madraí*

## 1.3 Próiseas Comhairliúcháin

Beidh an próiseas comhairliúcháin seo a leanas gafa le hullmhú an Phlean Bainistíochta Bruscair:




DRAFT

Déanfar fógra poiblí maidir le hathbhreithniú agus déanamh an Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 – 2025 a fhógairt sna meáin áitiúla.

Fáilteofar roimh ranníocaíochtaí ón dhaoine den phobal agus is féidir iad a chur isteach trínár dtairseach comhairliúcháin ag https://consult.galway.ie/en/browse.

Beidh cóip den Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 – 2025 ar fáil ar www.galway.ie.

# 2. Bruscar agus an Dlí

## 2.1 Sainmhíniú ar Bhruscar

Tá an sainmhíniú ar ‘bhruscar’ faoin reachtaíocht seo sách leathan agus leathnaíonn sé ó phíosaí páipéir fánacha nó buin toitíní go dtí aon rud mór nó beag atá, nó ar dócha go n-éireoidh sé, mímhaiseach agus go mbaineann sé le réadmhaoin phoiblí agus phríobháideach araon.

Is cineál truaillithe infheicthe é bruscar agus cruthaíonn sé drochthionchar foriomlán. Déanann a láithreacht ár dtimpeallacht maireachtála a dhíluacháil, tugann sé léiriú diúltach ar ár gContae agus cuireann sé ualach mór airgeadais ar airgeadas Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní amháin go mbíonn tionchar ag truailliú bruscair ar bhailte agus ar shráidbhailte ach bíonn chomh maith ar ár gcois bóthar, ceantair chosanta, limistéir thaitneamhachta, tránna, aibhneacha srl. Trí ligean don chineál seo truaillithe infheicthe leanúint ar aghaidh, beidh drochthionchar aige orainne a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae agus orthu siúd a thugann cuairt orainn.

Faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 go 2009, sainmhínítear bruscar mar:

“substaint nó réad, cibé acu atá nó nach bhfuil beartaithe mar dhramhaíl (seachas dramhaíl de réir bhrí an Achta um Bainistiú Dramhaíola, 1996, a choinsínítear go cuí lena dhiúscairt) gur dóigh, nuair a thaiscfear é in áit seachas gabhdán nó áit eile atá ainmnithe go dleathach don spruadar, nó gur dóigh go n-éireoidh sé mímhaiseach, díobhálach, náireach nó míshláintíoch, cibé acu leis féin nó le haon substaint nó réad den sórt sin, agus beag beann ar a mhéid nó ar a thoirt nó ar mhéid an spruadair”,

Thug an tAcht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú, isteach pionóis láidre in Éirinn chun cabhrú le dul i ngleic le fadhbanna truaillithe bruscair ar bhealach níos éifeachtaí, agus leagtar amach ann freagrachtaí agus dliteanais gach duine maidir le bruscar agus caitheamh bruscair.



DRÉACHT

## 2.2 Freagrachtaí a bhaineann le bruscar a chosc

**Áirítear ar fhreagrachtaí an Údaráis Áitiúil:**

- Gach beart praiticiúil a ghlacadh chun bruscar a chosc, a rialú agus a dhiúscairt i gceart.
- Céimeanna a ghlacadh chun feasacht ar thruailliú bruscair agus a éifeacht ar an gcomhshaol a chur chun cinn.
- Rannpháirtíocht ón bpobal agus ó ghnóthaí an chontae a spreagadh chun truailliú bruscair a chosc agus a shárú.
- Rochtain a chur ar fáil do shaoránaigh ar áiseanna/gabhdáin agus boscaí bruscair cuí agus folmhú agus glanadh rialta a shocrú.
- Chun an dlí a fhorfheidhmiú agus na pionóis riachtanacha agus na smachtbhannaí dlíthiúla a chur i bhfeidhm.

**Áirítear ar fhreagrachtaí gnólachtaí:**

- An limistéar thart orthu agus suas le 100m den áitreabh a choinneáil saor ó bhruscar.
- Aon talamh príobháideach atá infheicthe ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar.
- Tá freagrachtaí breise ar dhaoine atá ina n-úinéirí nó i bhfeighil ar ionaid díolacháin soghluaiste agus iad siúd a eagraíonn mórimeachtaí.
- A chinntiú nach gcuirtear fógraí neamhúdaraithe nó fógraí poiblí in áiteanna poiblí.
- A chinntiú nach gcuirtear aon ábhar fógraíochta ar ghluaisteáin.
- A chinntiú nach mbíonn an t-ábhar atá á iompar ina chúis le bruscar agus go bhfuil an t-ábhar slán a dhóthain ionas nach mbeidh sé ina chúis le bruscar.
- Ceanglaítear ar thionscnóirí nó ar lucht eagraithe mórimeachtaí (m.sh. ceolchoirmeacha, féilte, sorcais, agus imeachtaí áitiúla spóirt) a chinntiú go bhfuil bearta rialaithe bruscair i bhfeidhm acu ag an ionad agus sa cheantar máguaird. Is féidir é seo a dhéanamh ag an Údarás Áitiúil nó i gcomhar leis, ach caithfidh an tionscnóir/eagraí na costais a sheasamh.

**Áirítear ar fhreagrachtaí an phobail:**

- Má tá áit agat nó má tá tú freagrach as áit a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi (m.sh., áiteanna mar champas scoile, páirc phoiblí, stáisiún traenach nó bus nó i gcomharsanacht ionaid siopadóireachta), tá dualgas de réir an dlí ort an áit a choinneáil saor ó bhruscar, is cuma cén chaoi ar tháinig an bruscar ann.
- Tá sé de dhualgas ar úinéirí/áititheoirí réadmhaoine (foirgneamh nó limistéar talún) atá infheicthe ó áit phoiblí an réadmhaoin a choinneáil saor ó bhruscar. Go bunúsach ní mór aon limistéar lasmuigh atá infheicthe ó áit phoiblí a choinneáil saor ó bhruscar.
- Sa chás go bhfuil bruscar bailithe ar réadmhaoin ar chúis ar bith agus go bhfuil an bruscar seo infheicthe ó áit phoiblí, is féidir leis an Údarás Áitiúil fógra a eisiúint don úinéir nó don áititheoir á éileamh go dtógtar an bruscar chun bealaigh go pras. Is féidir le fógra den sórt sin bearta réamhchúraim a leagan síos freisin chun atarlú a chosc. Má theipeann nó má dhiúltaíonn úinéir nó áititheoir réadmhaoine an fógra a chomhlíonadh tá an cumhacht ag an Údarás Áitiúil imeacht dlí a chur i bhfeidhm.

DRAFT

## 2.3 Salú ag Madraí

Ní mór d'úinéirí madraí dramhaíl a gcuid peataí a bhaint as áiteanna poiblí agus í a dhiúscairt ar bhealach cuí. Tá níos mó ná 40 dáileoir málaí dramhaíola madraí curtha suas ag an gComhairle i mbailte, sráidbhailte, ar thránna agus limistéir thaitneamhachta ar fud an chontae chun úinéireacht madraí freagrach a spreagadh. Leagtar amach freagrachtaí úinéirí madraí inár ndoiciméad "**Treoir maidir le Dea-Úinéireacht Madraí**".

## 2.4 Póstaeir agus Comharthaí Sealadacha

Tá an líon méadaithe comharthaíochta atá á gcur suas gan cheadúnas nó cead cuí ó ghnólachtaí, eagraithe imeachtaí, srl. feadh ár ngréasán bóithre ag baint ó thaitneamhacht ár gContae agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé a bheith ina ghuais d'úsáideoirí bóithre. Cuireann an dlí cosc ar phóstaeir/comharthaí a chur suas ar chuaillí nó ar struchtúir eile in áiteanna poiblí mura bhfaightear cead scríofa ó úinéir an chuaille nó struchtúir eile sular gcuirtear an póstaer/comhartha suas. Is féidir le Comhairle Contae na Gaillimhe comharthaí mídhleathacha a bhaint.

## 2.5 FodhlítheDramhaíola

Ceanglaíonn na Fodhlíthe um Bainistiú Dramhaíola 2019 ar shealbhóir dramhaíola tí agus/nó tráchtála a chruthú go ndéanann siad a gcuid dramhaíola a dhiúscairt i gceart trína thabhairt do bhailitheoir údaraithe dramhaíola nó trína thabhairt chuig saoráid dramhaíola údaraithe. Cabhróidh na fodhlíthe seo freisin lena chinntiú go ndéantar dramhaíl in-athchúrsáilte agus iarmharach a scaradh i gceart agus a chur i láthair ar leithligh.

## 2.6 Plean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach

Tá nasc aitheanta idir bruscar agus seirbhísí bainistíochta dramhaíola agus forfheidhmithe. Tá na trí Údarás Ceannais um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha i mbun Comhphlean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach a ullmhú. Is é croíbheartas an Phlean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach ná an comhshaol a chosaint trína chinntiú nach mbíonn gníomhaíochtaí dramhaíola agus bearta rialaithe bruscair ina mbaol don chomhshaol agus do shláinte an duine agus go gcuireann siad go dearfach le ciorclaíocht. Tacóidh Comhairle Contae na Gaillimhe le tionscnaimh agus le gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta do Gheilleagar Ciorclach, ar nós míreanna aonúsáide a laghdú agus scéim éarlais agus aischuir a chur chun cinn nuair a thugtar isteach é.

## 2.7 Forfheidhmiú/Fíneálacha

Tá saincheist maidir le forfheidhmiú na reachtaíochta bruscair ríthábhachtach maidir le truailliú bruscair a bhainistiú. Faoi láthair cuireann ceathrar oifigeach forfheidhmithe comhshaoil agus 15 maor pobail reachtaíocht chomhshaoil i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe.

Is cion é bruscar a fhágáil nó a chaitheamh in áit phoiblí ar féidir é a chur faoi réir fíneáil ar an láthair de €150 nó fíneáil uasta de €4,000 má chiontaítear tú i gcion bruscair sa Chúirt Dúiche. Féadfaidh maor bruscair/pobail arna cheapadh ag an Údarás Áitiúil nó ag ball de na Gardaí fíneáil ar an láthair a ghearradh ort.

## 3. Dul Chun Cinn ó Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022

Glacadh le Plean Bainistíochta Bruscair deiridh Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Nollag 2019. Le linn shaolré an phlean 2019-2022 tugadh faoi go leor tionscnamh maidir le rialú agus laghdú bruscair. Tá dul chun cinn suntasach déanta agus tá an próiseas ag leanacht ar aghaidh.

Bhí dúshláin nua i gceist le Covid 19 maidir le bruscar ar nós clúdaigh aghaidhe agus lámhainní a dhiúscairt go míchúramach, méadú ar an mbruscar ag na bainc 'fág anseo', agus i spásanna lasmuigh. Cuidíonn tacaíocht do thionscnaimh um athúsáid agus laghdú dramhaíola agus forfheidhmiú bainistíochta dramhaíola le laghdú ar bhruscar inár bpobail.

**Tionscnaimh Frithbhruscair ar tugadh fúthu le linn shaolré an Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022.**

**COVID 19**

- Bhí tionchar ag Covid 19 ar sholáthar díreach agus ar thacaíocht na gClár Feasachta Bruscair le linn 2020 agus 2021. Mar thoradh ar an athrú seo cuireadh Cláir Feasachta Bruscair ar fáil go fíorúil.
- Soláthraíodh clár Feasachta Frithbhruscair maidir le diúscairt cheart ar chlúdaigh aghaidhe, lámhainní agus saincheisteanna dramhaíola eile a bhaineann le Covid 19.
- Le linn shrianta Covid 19 baineadh úsáid níos mó as limistéir lasmuigh agus tugadh faoi deara méadú ar an mbruscar. Suiteáladh boscaí bruscair breise, agus seachadadh Feachtas Feasachta Frithbhruscair chun an cheist seo a thabhairt chun suntais.

**SUIRBHÉANNA BRUSCAIR**

- Soláthraíonn suirbhéanna bruscair a rinneadh don Chóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar (NLPMS), eolas ar na réimsí a dteastaíonn aird ar leith orthu, agus déanann sé na tosca is cúis le truailliú bruscair a chainníochtú. Chabhraigh sé seo linn tús áite a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhí le déanamh agus, mar sin, leithdháileadh níos éifeachtaí acmhainní. (Féach ar Aguisín 1).

**SCOILEANNA**

- Tá 90% d'institiúidí oideachais cláraithe anois le clár na Scoileanna Glasa sa chontae. Spreagtar agus tugtar tacaíocht do scoileanna freisin chun páirt a ghlacadh i dtionscnaimh ar nós Glantachán Náisiúnta an Earraigh, Sráideanna Néata, comórtais, agus suiteáil umair uisce a laghdaíonn úsáid buidéil aonúsáide agus a laghdaíonn bruscar.
- I 2021, eagraíodh comórtas póstaer Frith-Bhruscair do scoileanna agus tiomsaíodh féilire 2022 ó na hiontrálaithe agus dáileadh é ar scoileanna, leabharlanna agus foirgnimh phoiblí. Reáchtáladh an comórtas póstaer in 2022 freisin.
- Tugtar tacaíocht ar fud an chontae do chlár scoileanna Frithbhruscair "Picker Pals" ó Voice Ireland. Ghlac 112 rang páirt sa chlár go dtí seo. Is bealach spraíúil é Picker Pals do pháistí chun plé a dhéanamh agus foghlaim faoi cheisteanna bruscair sa seomra ranga agus a dteaghlach a fháil páirteach taobh amuigh den scoil trí dhul ar thurais bailithe bruscair ina gcomharsanacht.

DRAFT

**FEACHTAIS SALÚ AG MADRAÍ**

- Suiteáladh Córas Fuaime Frithbhruscair chun madraí a rialú agus chun dul i ngleic le salú ag madraí ag go leor áiteanna taitneamhachta sa Chontae, Baile Locha Riach, Páirc na Rinn Mhíle agus An Spidéal san áireamh.
- Leanadh ar aghaidh le rolladh amach dáileoirí Málaí Dramhaíola Madraí agus comharthaíocht chuig bailte, sráidbhailte, tránna, páirceanna agus áiteanna taitneamhachta eile ar fud an chontae.
- Rinneadh an feachtas in aghaidh Salú ag Madraí "Cuimhnigh, Má Chácann siad, Scaobann tú!" a rolladh amach in 2021. Is éard atá i gceist leis seo ná comharthaíocht, stionsalú cosán i gceantair le fadhbanna, agus feachtas meáin chun an clár a chur chun cinn.
- Seoladh an feachtas "Siúlóirí Glasa Madraí" in 2022 mar leathnú ar an bhfeachtas leanúnach in aghaidh Salú ag Madraí. Is bealach neamhachrannach, cairdiúil é Siúlóirí Glasa Madraí (GDW) chun dearcthaí a athrú faoi shalú ag madraí. Cláraíonn oibrithe deonacha agus geallann siad glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí i gcónaí agus cuireann siad i gcuimhne do dhaoine eile glanadh suas freisin.

**GLÉASANNA FUAIME**

- Tá gléasanna fuaime in aghaidh an bhruscair curtha isteach ag bainc 'fág anseo' sa Chontae atá aitheanta mar shuíomhanna le fadhbanna bruscair. Cuireann an gléas fuaime in iúl d'úsáideoirí gan bruscar a dhéanamh nó tá siad faoi bhagairt ag fíneáil ar an láthair.

**FEACHTAIS NÁISIÚNTA**

- Tá tacaíocht ag feachtas an Tascfhórsa Bruscair Guma i gContae na Gaillimhe.
- Tacaítear le Glantachán Náisiúnta an Earraigh gach bliain, le breis agus 180 clárúchán in aghaidh na bliana.
- Tacaítear le feachtas Bailiúcháin WEEE (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) gach bliain.
- Tuarascáil IBAL - Tá feabhas leanúnach ag teacht ar bhaile Bhéal Átha na Sluaighe i gclár monatóireachta IBAL (Gnó na hÉireann i gCoinne an Bhruscair).
- Tuairiscí ón gclár 'Feiceann tú é? Abair amach é!' iarratais ón EPA (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) a spreagann daoine chun truailliú comhshaoil a thuairisciú, a ndéanann an Fhoireann Chomhshaoil a imscrúdú.
- Thacaigh Comhairle Contae na Gaillimhe leis an bhfeachtas meán sóisialta "Fág gan Rian" in 2022.

**MEÁIN**

- I gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, forbraíodh fógra Frithbhruscair dátheangach don phictiúrlann agus chonaic 192,000 duine é agus é á reáchtáil i 2022.
- Úsáidtear stáisiúin raidió áitiúla, nuachtáin agus www.galway.ie/ga ar bhonn leanúnach chun ár dteachtaireachtaí Feasachta Bruscair a chur chun cinn.
- I gcomhar leis an Rannóg Bóithre agus Iompair, cuireadh fógraí i bpáipéir áitiúla chun úinéirí/áititheoirí gnó a chur ar an eolas faoina n-oibleagáid dhlíthiúil an cosán atá taobh lena réadmhaoin a choinneáil saor ó bhruscar de réir fhorálacha alt 6 den Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997.

**NA MEÁIN SHÓISIALTA**

- Úsáid mhéadaithe na meán sóisialta chun feasacht ar bhruscar agus cosc dramhaíola a chur chun cinn, mar shampla an feachtas feasachta Tionscnaimh Frithdhumpála "Do Chontae - Do Dhramhaíl?".
- I 2022 tugadh tacaíocht ghníomhach don chlár "Fág Gan Rian" ar ardáin na meán sóisialta.
- Tacaítear le feachtais meán sóisialta WEEE.

**ÁBHAR BOLSCAIREACHTA**

- Táirgeadh agus dáileadh ábhar bolscaireachta, mar shampla málaí, cupáin agus buidéil ath-inúsáidte chun feasacht bruscair a chur chun cinn.

**MÓRIMEACHTAÍ**

- Reáchtáiltear cruinnithe comhordúcháin idir Oifigí Ceantair na nÚdarás Áitiúil, na Gardaí agus na heagraithe roimh mhórimeachtaí, agus déantar bainistíocht bruscair a mheas ag na cruinnithe seo.
- Forbraíodh pacáiste Bainistíochta Dramhaíola agus Bruscair chun Glasú na bhFéilte a spreagadh. B'é an LAPN (Líonra Coiscthe na nÚdarás Áitiúil) a rinne maoiniú ar seo.

**BRUSCAR AR NA TRÁNNA**

Aithnítear ár tránna agus líonra uiscebhealach intíre mar shócmhainní tábhachtacha agus tugtar tacaíocht agus cothabháil do go leor clár agus seirbhísí.

I measc na gclár tá:

- An Feachtas Glan an Trá #2 Nóiméad.
- Comórtas póstaer i scoileanna do thránna brait ghoirm.
- Boscaí bruscair cothabháilte.
- Comharthaíocht Feasachta Bruscair.
- Tacú le Grúpaí Cósta Glas agus Cósta Glan.
- Comharthaíocht nua curtha i bhfeidhm ag tránna brait ghoirm maidir le salú ag madraí.

**BAILTE SLACHTMHARA**

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú le, ag tabhairt comhairle do agus ag soláthar maoinithe do líonra na mBailte Slachtmhara i gContae na Gaillimhe chun torthaí iomlána sa chomórtas a fheabhsú. I 2021/22 leathadh feachtas an Chorn Coinsiasa amach i bpobail rannpháirtíochta chun gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun lascaine a thairiscint do chustaiméirí a úsáideann cupáin in-athúsáide. Is é aidhm an fheachtais seo atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ná líon na gcupán aonúsáide a d'fhéadfadh a bheith mar bhruscar a laghdú. In Éirinn, déanaimid thart ar 200 milliún cupán caife a dhiúscairt gach bliain. Cuireadh ábhar bolscaireachta in aghaidh an Bhruscair ar fáil freisin d'aon ghrúpa pobail a lorg é.

**LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ CHONTAE NA GAILLIMHE (PPN)**

Téann Comhairle Chontae na Gaillimhe i dteagmháil le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN – 1,200 grúpa san iomlán) chun tacú lena dtionscnamh agus chun tionscnaimh a sheachadadh, feasacht ar bhruscar san áireamh, dá mbaill.

DRÉACHT

**TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA (ADI)**

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe páirt sa Tionscnamh Frithdhumpála (ADI) arna chomhordú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide le linn shaolré an Phlean Bainistíochta Bruscair seo. Tá maoiniú tugtha ag an gclár ADI do ghlanadh suas spotaí dubha bruscair agus do chláir feasachta Frithdhumpála.

I measc na dtionscadal suntasacha a maoiníodh le roinnt blianta anuas tá:

- Glanadh suíomhanna dumpála mídhleathacha ar mhórscála ar fud an chontae.
- Tionscadal feabhsaithe eastáit i mBéal Átha na Sluaighe.
- Seirbhís Earraí Toirtiúla curtha ar fáil ag ár dtrí Shuíomh Áiseanna Cathartha ag Béal Átha na Sluaighe, Tuaim agus an Clochán.
- Comharthaíocht leictreonach le taispeáint Teachtaireacht Frithdhumpála ar cíos ag sé ionad ar fud Chontae na Gaillimhe.
- Feachtas Cupán In-athúsáidte a leathadh amach i mBaile Locha Riach chun cabhrú le líon na gcupán indiúscartha a dháiltear go háitiúil a laghdú.
- Tionscadal Rothair don Afraic i gcomhpháirtíocht leis an Club Rothlach a bhaineann le rothair athláimhe a bhailliú, a dheisítear ansin agus a sheoltar chuig scoileanna san Afraic.
- Tá comharthaíocht frithdhumpála ar gach veain Mhaor Pobail.

**SEIRBHÍSÍ AGUS BONNEAGAR CHOMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE**

- Cinntíonn an córas gearán ó chustaiméirí sa Rannóg Comhshaoil go ndéantar gach gearán a fhaightear a logáil, a rianú agus a imscrúdú, as a dtiocfaidh feabhas ar sholáthar seirbhíse agus forfheidhmiú cuntasachta. Taifeadadh 4,645 gearán dramhaíola ar ár gcóras gearáin ó chustaiméirí le linn an Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022 roimhe seo.
- Oibríonn an Rannóg Comhshaoil go dlúth leis an Rannóg Tithíochta maidir le Bainistíocht Eastáit chun bruscar a chosc agus chun bainistiú dramhaíola a fheabhsú.
- Bíonn an Rannóg Comhshaoil i dteagmháil le hOifigí Ceantair maidir le bainistiú bruscair agus feasacht
- Déanann an Fhoireann Forfheidhmithe Dramhaíola seiceálacha sa Chontae maidir le sealbhóirí tí agus diúscairt dramhaíola tí.
- Leanann an Rannóg Comhshaoil de bheith ag plé le agus ag tacú le glantacháin a dhéanann Grúpaí na mBailte Slachtmhara, Fostaíocht Phobail, Scéimeanna Sóisialta Tuaithe, nó Grúpaí Deonacha.
- Tá áiseanna chun earraí toirtiúla agus earraí plaisteacha a dhiúscairt lena n-athchúrsáil ar an mórchóir ar fáil ag na láithreacha Áiseanna Cathartha.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ar shuíomh Áiseanna Cathartha ag An nGort a fhorbairt.
- Forbairt agus cur i bhfeidhm Fheidhmchlár Fíneála Bruscair chun fíneálacha bruscair a eisiúint agus a rianú.
- Chabhraigh bainistiú na Láithreán Tréigthe le laghdú a dhéanamh ar limistéir atá truaillithe le bruscar.
- Tá comharthaíocht nuashonraithe curtha i bhfeidhm ag reiligí ag spreagadh úsáideoirí chun gach bruscar bainteach a dhiúscairt i gceart.
- Tá ról ríthábhachtach ag Maoir Phobail i rialú bruscair agus leanfaidh siad ag cur le feasacht agus forfheidhmiú.

DRAFT

- Tá 91 Banc Tóg Leat ag feidhmiú ar fud an chontae. (Féach ar Aguisín 4).
- Cuirimid clár Athchúrsála Crann Nollag ar fáil ag 13 láthair ar fud an chontae.
- Tá an clár cothabhála Banc Beir Leat i bhfeidhm chun tacú le pobail an banc “fág anseo” a chothabháil agus an ceantar a choinneáil saor ó bhruscar.
- Tá an clár cothabhála Reiligí i bhfeidhm chun tacú le pobail an reilig áitiúil a chothabháil agus an limistéar a choinneáil saor ó bhruscar.
- Boscaí bruscair agus boscaí bruscair dlútha nua a shuiteáil ar fud an chontae.
- Déantar freastal ar líonraí boscaí bruscair ar fud an chontae.
- Úsáidtear an scéim Deontais Frithbhruscair/Frith-Ghaifítí ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cláir Feasachta Frithbhruscair a mhaoiniú i gCo. na Gaillimhe.
- Tá bainistiú bruscair san áireamh in aon fhodhlíthe molta don chontae.
- Tá sealbhóir diosca cairr le teachtaireacht Frithbhruscair ar fáil le dáileadh trí na hoifigí mótarchánacha.
- Freastalaíonn foireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar imeachtaí poiblí le seastáin eolais ar fheasacht ar bhruscar agus ar bhainistiú dramhaíola.
- Feachtas Frith-Salaithe ag Madraí curtha chun cinn ar fud an chontae.



# 4. Cuspóirí agus Beartais Straitéiseacha an Phlean Bainistíochta Bruscair 2023 -2025

## Cuspóir Uimh 1: BEARTA OIDEACHAIS AGUS FEASACHTA

### Oideachas agus feasacht a ardú ar éifeachtaí bruscair ar an gcomhshaol.

Soláthraíonn Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae na Gaillimhe oideachas agus feasacht ar bhruscar ar fud an chontae. Tá gach earnáil den tsochaí, an scoil, gnólachtaí, pobail, agus an pobal i gcoitinne san áireamh sa chlár. Tá sé mar aidhm ag feachtais frithbhruscair feasacht a ardú faoin tionchar a bhíonn ag bruscar, ag dumpáil agus ag gníomhaíochtaí díobhálacha eile ar an timpeallacht ina mairimid. Spreagann an clár freagracht phearsanta agus rannpháirtíocht mhuintir Chontae na Gaillimhe chun dul i ngleic leis na saincheisteanna agus cothaíonn sé bród sa chontae agus ag leibhéal áitiúil. Tá baint ag ceist an bhruscair le saincheisteanna níos leithne maidir lenár gcomhshaol a chosaint, lena n-áirítear, cleachtas agus cosc bainistíochta dramhaíola níos fearr agus acmhainní nádúrtha an chontae a chosaint.

DRAFT

### Gníomhartha:

### Déanfaidh Comhairle Contae na Gaillimhe:

- Gníomhaíocht dhearfach agus feasacht comhshaoil a chur chun cinn ar fud an Chontae trí oibriú i gcomhar le grúpaí pobail, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí, gnólachtaí, agus baill den phobal chun iad a spreagadh páirt a ghlacadh i dtionscnaimh frithbhruscair.
- Cláir leanúnacha oideachais agus faisnéise a chur chun cinn ag imeachtaí pobail.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Aonad Forfheidhmithe Dramhaíola, ag cinntiú sineirgí sa teachtaireacht atá á seachadadh ar bhruscar
- Na meáin shóisialta a úsáid le feasacht a ardú ar na cúiseanna atá le bruscar agus na dualgais faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar.
- Úsáid a bhaint as na meáin ábhartha go léir lena n-áirítear, páipéir áitiúla, raidió, na meáin shóisialta, agus an suíomh gréasáin chun cosc agus rannpháirtíocht bruscair a chur chun cinn.
- Feasacht a fhorbairt i measc sealbhóirí tí agus gnólachtaí ar a bhfreagrachtaí agus a n-oibleagáidí bruscair a chosc agus a rialú.
- Páirt a ghlacadh i bhfeachtas feasachta Tionscnamh Frithdhumpála ar nós "Do Chontae - Do Dhramhaíl?".
- Feachtais chosc bruscair spriocdhírithe a chur chun cinn ar shaincheisteanna ábhartha salú ag madraí, graifítí, bruscar guma, bruscar cois bóthair, agus bruscar ginearálta san áireamh.
- Cabhrú le scoileanna teachtaireacht um chosc agus rialú bruscair a sholáthar do dhaltaí a úsáideann clár na Scoileanna Glasa mar phríomhmheicníocht seachadta.
- Gníomhartha a sholáthar tríd an bplean bainistíochta dramhaíola réigiúnach a chuireann cosc ar ídiú míreanna indiúscartha a bhféadfadh bruscar a bheith mar thoradh orthu.
- Ábhair oideachais agus tacaíochta a sholáthar don phobal maidir le bruscar agus téamaí gaolmhara.

## Cuspóir Uimh 2: COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS TACAÍOCHT POBAIL

### Oibriú le grúpaí pobail, le coistí na mBailte Slachtmhara, le cumainn áitritheoirí, le gnólachtaí áitiúla, leis an earnáil dheonach, leis an earnáil oideachais srl. chun cláir feasachta oideachais agus tionscnaimh fhrithbhruscair a spreagadh, a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn.

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil rannpháirtíocht an phobail áitiúil ina phríomhspreagthóir don athrú ó thaobh cosc agus rialú bruscair a sholáthar. Tá sé mar aidhm againn oibriú le saoránaigh chun a rannpháirtíocht mar chomhpháirtithe comhionanna a éascú chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bruscar agus le dumpáil inár bpobail. Cinntíonn oibriú le grúpaí áitiúla gur féidir le pobail ról lárnach a bheith acu maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna a bhaineann le bruscar. Tá gníomh ag leibhéal an phobail riachtanach lena chinntiú gur féidir le cosc agus rialú gach pobal i gContae na Gaillimhe a bhaint amach agus caidreamh a bhunú le gach earnáil den tsochaí.

### Gníomhartha:

### Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:

- Spreagadh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt do rannpháirtíocht cumainn áitritheoirí, grúpaí bainistíochta eastát agus grúpaí deonacha eile i gcláir feasachta bruscair.
- Leanúint le hidirchaidreamh le grúpaí pobail ar dheontais atá ar fáil a thacaíonn le tionscnaimh atá dírithe ar fheasacht ar shaincheisteanna comhshaoil a mhéadú agus tionscnaimh láidre in aghaidh an bhruscair a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le gnó agus trádálaithe ar fhorbairt clár bruscair áitiúil agus tionscnaimh Ghlas.
- Leanúint le feasacht agus cosc bruscair a chur chun cinn trí thionscnaimh mar chlár na Scoileanna Glasa agus na mBailte Slachtmhara.
- Rannpháirtíocht Scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Scéimeanna Sóisialta Tuaithe a uasmhéadú i nglanacháin bruscair a fheabhsaíonn an comhshaol.
- Ábhair a sholáthar don Fheachtas Náisiúnta Glantacháin Earraigh, agus imeachtaí glantacháin eile.
- Tacú le hiarrachtaí na Rannóige Tithíochta cumainn áitritheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistíocht bruscair ar a n-eastáit.
- Tacú le hOifigí Ceantair maidir le rialú bruscair sna bailte agus sna ceantair máguaird.

DRAFT

## Cuspóir Uimh 3: BEARTA COSC AGUS RIALAITHE BRUSCAIR NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

**Clár oibriúcháin rialaithe bruscair éifeachtach agus cuimsitheach a sholáthar ar fud an Chontae.**

**Gníomhartha:**

**Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Oibriú agus bainistiú Láithreáin Áiseanna Cathartha agus Líonra Banc Beir Leat na Comhairle a bharrfheabhsú (Aguisín 3).
- Gach gearán a bhaineann le bruscar a fhaightear a logáil, a rianú agus a fhiosrú go hiomlán agus gníomh forfheidhmithe cuí a ghlacadh nuair a aimsítear cionta.
- Iarracht a dhéanamh go gcoinneofar Contae na Gaillimhe, agus a bailte agus a sráidbailte ar an gcaighdeán is airde laistigh de shrianta acmhainní.
- Aghaidh a thabhairt ar thorthaí agus ar mholtaí Sraithe Ghnóthaí na hÉireann i gCoinne an Bhruscair (IBAL), Comórtais na mBailte Slachtmhara agus na táscairí feidhmíochta Bliantúla Náisiúnta Bruscair agus Cainníochtaithe (Aguisín 2).
- Ár gcaidreamh leis na Bailte Slachtmhara agus le comhlachtaí pobail agus deonacha eile sa chontae a choinneáil.
- Cinntiú nach gcuireann cleachtais oibre Chomhairle Contae na Gaillimhe le bruscar.
- Cinntiú go gcuirtear boscaí bruscair ar fáil agus go mbeidh dóthain rialú bruscair ar thránna Bhrait Ghoirm le linn an tséasúir snámha.
- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar bhruscar i spotaí dubha bruscair aitheanta.
- Dul i ngleic le salú ag madraí le forfheidhmiú, comharthaíocht agus nuair is cuí, málaí agus boscaí bruscair le diúscairt.
- Teagmháil a dhéanamh le Foireann Athghiniúna na mBailte agus leis an bhFoireann Ghníomhaíochta Aeráide chun bainistíocht bruscair agus dramhaíola a chomhtháthú i bpleananna pobail inbhuanaithe.

DRAFT




### Cuspóir Uimh 4: BEARTA FORFHEIDHMITHE AGUS RIALÚCHÁIN

**Cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le reachtaíocht um thruailliú bruscair a fhorfheidhmiú chun bruscar agus dumpáil mhídhleathach a chosc agus a rialú.**

**Gníomhartha:**

**Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

- Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar a chur i bhfeidhm trí shuirbhéanna a dhéanamh ar leibhéal/comhdhéanamh an truaillithe ó bhruscar, spotaí dubha bruscair a aithint agus bearta feabhais a ghlacadh chun deireadh a chur leo seo.
- Láithreacht infheicthe a choinneáil i mbailte agus i sráidbhailte tríd an líonra Maor Pobail chun cuidiú le cosc a chur ar bhruscar agus chun feasacht a chothú ar na himpleachtaí, i dtéarmaí fíneálacha agus gníomhartha forfheidhmithe eile, a bhaineann le bruscar.
- Na Fodhlíthe um Bainistiú Dramhaíola 2019 a fhorfheidhmiú chun bailiú agus bainistiú dramhaíola laistigh den chontae a rialú.
- A chinntiú go ndéantar gach gearán a rianú go hiomlán nuair a fhaightear é go dtí go ndúntar gearáin ar an gcóras gearán comhshaoil.
- Gach gearán a thaifeadadh agus a fhiosrú, de réir mar is gá. Cuirfimid rialacháin agus reachtaíocht i bhfeidhm maidir le gach cás a fhaigheann Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.
- Gníomhaíochtaí bailithe dramhaíola mídhleathacha a leanúint agus beart a dhéanamh chun stop a chur le haon ghníomhaíocht a aimsítear.
- Leanúint ar aghaidh ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána agus le hÚdaráis Áitiúla eile chun tabhairt faoi bhearta forfheidhmithe maidir le bruscar, aistriú dramhaíola agus gluaisteáin tréigthe.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis áitiúla eile, leis an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus le hOifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht/Uladh ag cinntiú go ndéantar dea-chleachtas a chomhordú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Monatóireacht agus cur i bhfeidhm rialacháin a bhaineann le tosaíochtaí bliantúla arna sainaithint ag WERLA, boinn agus dumpáil mhídhleathach san áireamh.

DRÉACHT

- Teilifís Ciorcaid iata a úsáid nuair atá bunús dlí i bhfeidhm.
- Úsáid teicneolaíochta eile a mhéadú lena n-áirítear, fóin chliste, táibléid, feidhmchláir, agus córais bailithe sonraí chun feabhas a chur ar an rathúlacht maidir le forfheidhmiú, monatóireacht agus gníomhaíocht i gcoinne ciontóirí.
- Cinntiú go n-áiríonn gach fodhlíthe nua rialuithe bainistithe bruscair.





# Aguisín 1 - Suirbhé Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

## An Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar (NLPMS)

Is é cuspóir an NLPMS ná measúnú a dhéanamh ar mhéid agus ar chomhdhéanamh an Truaillithe Bruscair. Is uirlis cinnteoireachta í, a thugann léargas d'Údaráis Áitiúla ar thruailliú bruscair ina limistéar feidhme, rud a ligeann dóibh bearta frithbhruscair a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart.

Leanfar de na Suirbhéanna um Thruailliú Bruscair agus na Suirbhéanna Cainníochtaithe Bruscair a dhéanamh gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart a cuireadh i bhfeidhm chun dul i ngleic le truailliú bruscair agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna nua de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Tugann Fíor 1.1 forbhreathnú ar chomhdhéanamh Truaillithe Bruscair i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2021.**




*Léaráid 1.1*


DRÉACHT

**Soláthraíonn Léaráid 1.2 torthaí an tSuirbhé ar Thruailliú Bruscair a chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe isteach, agus iad rangaithe in ord suntasachta maidir le catagóir bruscair (2021).**

| | Catagóir Bruscair | Áireamh |
|---|---|---|
| 1 | Bruscar Pacáistithe | 548 |
| 2 | Bruscar a bhaineann le Toitíní | 547 |
| 3 | Bruscar Bia | 116 |
| 4 | Bruscar a Bhaineann le Milseáin | 96 |
| 5 | Bruscar Páipéir | 73 |
| 6 | Bruscar Dochrach | 56 |
| 7 | Míreanna Bruscair Ilghnéitheacha | 38 |
| 8 | Bruscar Plaisteach | 11 |
| 9 | Bruscar Toirtiúil | 8 |

*Léaráid 1.2*


Tugann **<u>Léaráid</u> 1.3 comparáid idir Comhdhéanamh Bruscair i gContae na Gaillimhe, 2020 agus 2021**




| | Míreanna Móra Bruscair | Míreanna Plaisteacha (neamhphacáistiú) | Ilghnéitheach | Bruscar Dochrach | Míreanna Páipéir | Bruscar a Bhaineann le Milseáin | Bruscar a bhaineann le Bia | Míreanna Pacáistithe | Bruscar a bhaineann le Toitíní |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhairle Contae na Gaillimhe 2021 | 0.5% | 0.7% | 2.5% | 3.8% | 4.9% | 6.4% | 7.8% | 36.7% | 36.6% |
| Comhairle Contae na Gaillimhe 2020 | 3.6% | 0.3% | 2.4% | 1.5% | 3.6$ | 5.7% | 8.3% | 52.1% | 22.5% |

*Léaráid 1.3*

**Léaráid 1.4 Comparáid idir na Fachtóirí Cúiseacha um Thruailliú Bruscair i gContae na Gaillimhe, 2020 agus 2021**




*Stop Banc*

*Léaráid 1.4*

## Aguisín 2 - Táscairí Feidhmíochta

| Suirbhé Monatóireachta Náisiúnta maidir le Truailliú ó Bhruscar | 2020 | 2021 |
|---|---|---|
| Céatadán na gceantar san Údarás Áitiúil atá neamhthruaillithe (m.sh. saor ó bhruscar) | 22% | 22% |
| Céatadán na gceantar san Údarás Áitiúil atá beagán truaillithe le bruscar | 43% | 43% |
| Céatadán na gceantar san Údarás Áitiúil atá truaillithe go measartha le bruscar | 24% | 23% |
| Céatadán na gceantar san Údarás Áitiúil atá truaillithe go mór le bruscar | 7% | 11% |
| Céatadán na gceantar san Údarás Áitiúil atá truaillithe go suntasach le bruscar | 4% | 1% |

## Aguisín 3 – Láithreáin Áiseanna Cathartha i gContae na Gaillimhe

Tá 3 ionad Fóntas Poiblí i gContae na Gaillimhe lonnaithe i dTuaim, sa Chlochán agus i mBéal Átha na Sluaighe.

Barna Recycling

## Barna Recycling
## Tuam Civic Amenity Site



ATHENRY RD | TUAM | CO. GALWAY | **TEL 091 771619**

**THIS SITE ACCEPTS DOMESTIC WASTE ONLY**

### Items Accepted at this Civic Amenity Site

- Aerosols
- All Household Plastics**
- Books, Newspapers and Magazines
- Bulky Goods**
- Cardboard
- CD's & DVD's
- Cooking Oil
- Engine Oil and Empty Oil Cans
- Flat Glass
- Hard Plastic Items**
- Hazardous Paint*
- Herbicides & Pesticides*
- Household Chemicals*
- Household Medicines* *(No Medical Sharps)*
- Mattresses
- Metal Tins**
- Mixed Packaging *(Polystyrene)*
- Mixed Paper
- Non-Hazardous Paint
- Oil Filters
- Scrap Metal
- Solid, Household & Lead Acid Batteries
- Tetra Pak
- Timber Treated & Untreated

### Items Free of Charge

- Batteries *(Solid, Household & Lead Acid Batteries)*
- Clothing, Footwear & Textiles
- Drink Cans
- Fluorescent Tubes & Lamps
- Glass Jars & Bottles
- Light Bulbs *(CFL & LED only)*
- Waste Electrical & Electronic Equipment *(WEEE)*
- White Goods, Fridges & Freezers

** Household Medicines, Chemicals, Herbicides & Pesticides, and ALL hazardous materials must be in original packaging and fully labelled otherwise they will not be accepted.*

*** See https://www.galway.ie/en/services/environment/wasteandlitter/civicamenitysites/ for details.*

### Standard Charges

| | |
|---|---|
| Car | €4.00 |
| Small Van** | €8.00 |
| Large Van** | €20.00 |

*Where the vehicle is not used to transport the waste or as supplementary charge;*

| | |
|---|---|
| Single Axle Trailer | €4.00 |
| Double Axle Trailer | €16.00 |

**Note:** *Items are not charged by quantity or weight.*

### Extra Charges

| | |
|---|---|
| Paint Cans | €1.25 per can |
| Mattresses | €10 single<br>€15 double |

### Opening Hours

| | |
|---|---|
| Mon - Thu | 8:30am - 4:15pm |
| Fri - Sat | 8:30am - 3:45pm |

*Details accurate as of December 2021 but subject to review & change.*

mywaste

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

www.BarnaRecycling.com | TEL 091 771619

Barna Recycling

## Barna Recycling
# Clifden Civic Amenity Site



GALWAY RD | CLIFDEN | CO. GALWAY | **TEL 091 771619**

**THIS SITE ACCEPTS DOMESTIC WASTE ONLY**

## Items Accepted at this Civic Amenity Site

- Aerosols
- All Household Plastics**
- Books, Newspapers and Magazines
- Bulky Goods**
- Cardboard
- CD's & DVD's
- Cooking Oil
- Engine Oil and Empty Oil Cans
- Flat Glass
- Hard Plastic Items**
- Hazardous Paint*
- Herbicides & Pesticides*
- Household Chemicals*
- Household Medicines* *(No Medical Sharps)*
- Mattresses
- Metal Tins**
- Mixed Packaging *(Polystyrene)*
- Mixed Paper
- Non-Hazardous Paint
- Oil Filters
- Scrap Metal
- Solid, Household & Lead Acid Batteries
- Tetra Pak
- Timber Treated & Untreated

** Household Medicines, Chemicals, Herbicides & Pesticides, and ALL hazardous materials must be in original packaging and fully labelled otherwise they will not be accepted.*

*** See https://www.galway.ie/en/services/environment/wasteandlitter/civicamenitysites/ for details.*

## Items Free of Charge

- Batteries *(Solid, Household & Lead Acid Batteries)*
- Clothing, Footwear & Textiles
- Drink Cans
- Fluorescent Tubes & Lamps
- Glass Jars & Bottles
- Light Bulbs *(CFL & LED only)*
- Waste Electrical & Electronic Equipment *(WEEE)*
- White Goods, Fridges & Freezers

## Standard Charges

| | |
|---|---|
| Car | €4.00 |
| Small Van** | €8.00 |
| Large Van** | €20.00 |

*Where the vehicle is not used to transport the waste or as supplementary charge;*

| | |
|---|---|
| Single Axle Trailer | €4.00 |
| Double Axle Trailer | €16.00 |

**Note:** *Items are not charged by quantity or weight.*

## Extra Charges

| | |
|---|---|
| Paint Cans | €1.25 per can |
| Mattresses | €10 single<br>€15 double |

## Opening Hours

| | |
|---|---|
| Mon | 8:30am - 4:30pm |
| Sat | 8:30am - 4:30pm |

*Open Tuesday After Bank Holiday*

*Details accurate as of December 2021 but subject to review & change.*

mywaste

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

**www.BarnaRecycling.com | TEL 091 771619**

# Barna Recycling

## Barna Recycling
## Ballinasloe Civic Amenity Site



POOLBOY | BALLINASLOE | CO. GALWAY | **TEL 091 771619**

**THIS SITE ACCEPTS DOMESTIC WASTE ONLY**

### Items Accepted at this Civic Amenity Site

- Aerosols
- All Household Plastic**
- Books & Phone Books
- Bulky Goods**
- Cardboard
- CD's & DVD's
- Cooking Oil
- Engine Oil & Empty Oil Cans
- Flat Glass
- Green Waste
- Hard Plastic Items**
- Hazardous Paint*
- Herbicides & Pesticides*
- Household Chemicals*
- Household Medicines* *(No Medical Sharps)*
- Mattresses
- Metal Tins**
- Mixed Packaging *(Polystyrene)*
- Mixed Paper
- Non-Hazardous Paint
- Oil Filters
- Scrap Metal
- Solid, Household & Lead Acid Batteries
- Tetra Pak
- Timber - Treated & Untreated

** Household Medicines, Chemicals, Herbicides & Pesticides, and ALL hazardous materials must be in original packaging and fully labelled otherwise they will not be accepted.*

*** See https://www.galway.ie/en/services/environment/wasteandlitter/civicamenitysites/ for details.*

### Items Free of Charge

- Batteries *(Solid, Household & Lead Acid Batteries)*
- Clothing, Footwear & Textiles
- Drink Cans
- Fluorescent Tubes & Lamps
- Glass Jars & Bottles
- Light Bulbs *(CFL & LED only)*
- Waste Electrical & Electronic Equipment *(WEEE)*
- White Goods, Fridges & Freezers

### Standard Charges

- Car €4.00
- Small Van** €8.00
- Large Van** €20.00

*Where the vehicle is not used to transport the waste or as supplementary charge;*

- Single Axle Trailer €4.00
- Double Axle Trailer €16.00

**Note:** *Items are not charged by quantity or weight.*

### Extra Charges

- Paint Cans €1.25 per can
- Mattresses €10 single, €15 double
- Green Waste charged at Small Van, Large Van and Axle Rates

### Opening Hours

- Tue 8:30am - 4:30pm
- Thu 8:30am - 4:30pm
- Sat 8:30am - 4:30pm

*Details accurate as of December 2021 but subject to review & change.*

mywaste

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

www.BarnaRecycling.com | TEL 091 771619

**Aguisín 4 – Liosta de Láithreáin Banc Tóg Leat i gContae na Gaillimhe.** *Tá láithreáin faoi

| | |
|---|---|
| An Mhainistir | Carrchlós an Ionaid Phobail |
| Mainistir Chnoc Muaidhe | Carrchlós O'Donohoe |
| Áth Eascrach | Ionad Pobail |
| An Cheathrú Rua | Carrchlós Óstán an Dóilín |
| An Caiseal | Ionad Pobail An Chaisil |
| An Mám | Ionad Pobail |
| An Spidéal | An tSeanchéibh |
| Ard Raithin | Siopa Crua-earraí Quinn |
| Baile Átha an Rí | Carrchlós in aice le Páirc Uí Chinnéide |
| Eachroim | Sráidbhaile Eachroma |
| Béal Átha na Sluaighe | Carrchlós Fhaiche an Aonaigh |
| Béal Átha na Sluaighe | Láithreán Athchúrsála An Phoill Bhuí |
| Béal Átha na Sluaighe | Carrchlós Poiblí in aice le hOifigí Ceantair Bhardasacha |
| Béal Átha na Sluaighe | Carrchlós Tesco An Phoill Bhuí |
| Baile Conaola | Ionad Pobail |
| Béal Átha Ghártha | Carrchlós sa Scoil Náisiúnta |
| Baile Mhic an Bhaird | Carrchlós Eaglais Bhaile Mhic an Bhaird |
| Béal Átha Mó | Sráidbhaile Bhéal Átha Mó |
| An Chealtrach | Sráidbhaile na Cealtraí |
| Camas | R336 os comhair na páirce |
| Ceapaigh an tSeagail | Carrchlós |
| Carna | In aice leis an Eaglais |
| Gallach | Gallach |
| Cill Chiaráin | Carrchlós i Siopa Mhic Dhonnacha |
| An Cladach Dubh | Siopa Sweeney |
| Droichead an Chláirín | Ionad Garraíodóireachta Dhroichead an Chláirín |
| An Clochán | Ionad Athchúrsála Bhóthar na Gaillimhe |
| An Cloigeann | Cé |
| An Fhairche | Bóthar An Chnoic Bhric |
| Cluain Fearta | Sráidbhaile Chluain Fearta |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| Corr na Móna | Ionad Pobail |
| Cluain Bú, Corr an Dola | Carrchlós teach tábhairne Regans Chluain Bú |
| Creachmhaoil | Stáisiún Seirbhíse Topaz |
| Na Creaga | Páirc CLG |
| An Chreig Mhór | Páirc Rugbaí |
| Daraidh Braoin | Os comhair na Scoile Náisiúnta |
| Dún Mór | Siopa Howley |
| Dún an Uchta | Stáisiún Líonta Larkin |
| Na Garfráin | Gar don Scoil Náisiúnta |
| Gleann an Madadh | Carrchlós na hEaglaise |
| Glinsce | Ionad Pobail |
| An Gort | Bóthar Chionn Inse |
| Áth Cinn | Sráid an Droichid |
| Indreabhán | An Poitín Stil |
| Indreabhán | An Trá Mhór |
| Indreabhán | Carrchlós 'Tír na nÓg' |
| Inis Meáin | In aice leis an Scoil Náisiúnta |
| Inis Mór | Cill Mhuirbhigh |
| Inis Mór | Cill Éinne |
| Inis Mór | Cill Rónáin |
| Inis Mór | Ionad Athchúrsála |
| Inis Oírr | Comhar Chaomhán |
| Inis Bó Finne | Inis Bó Finne |
| Cill Chonla | Sean Ionad Pobail |
| Cill Chonaill | Páirc CLG |
| Cill Choirín | Taobh amuigh de bhalla tosaigh an Ionaid Phobail |
| An Caoláire | Ionad Eachtraíochta An Chaoláire |
| Cill Rícill | Carrchlós na hEaglaise |
| Cill Tormóir | Lasmuigh den Scoil Náisiúnta |
| Cinn Mhara | Ar Bhóthar Bhaile Uí Bheacháin |
| An Choill Mhóir | Stáisiún Seirbhíse Walsh |

DRÉACHT

| | |
|---|---|
| An Baile Mór | Halla Pobail |
| An Líonán | Ag Carrchlós ar Bhóthar Chathair na Mart |
| Leitir Mealláin | Trasna an bhóthair ón Eaglais |
| Leitir Móir | Carrchlós na hEaglaise |
| Leitir Fraic | Colaiste Leitir Fraic |
| Baile Locha Riach | Carrchlós Poiblí in aice leis an Margadh |
| Meáraí | Ionad Pobail |
| Mionlach | Ionad Pobail |
| Baile an Mhuilinn | Carrchlós |
| Muine Mheá | Páirc Rugbaí |
| An Creagán | Bóthar na Gaillimhe |
| Maigh Cuilinn | Bóthar An Spidéil |
| Maigh Locha | Taobh thiar de Top Shop Clancy |
| An Cnoc Breac | Carrchlós an Chlochair |
| An Droichead Nua | Carrchlós na hEaglaise |
| Órán Mór | Carrchlós Poiblí |
| Uachtar Ard | Carrchlós an tIonad Sláinte |
| Port Omna | Bóthar na Beairice, Ascaill an Chaisleáin. |
| Rinn Mhaoile | Páirc Carbhán Laffey, Leitir Geis |
| Ros an Mhíl | Ionad Pobail |
| Ros Muc | In aice le Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh |
| Cloch na Rón | Carrchlós le taobh na hEaglaise |
| Tuaim | Ionad Athchúrsála |
| Tuaim | Carrchlós Ionad Fóillíochta Coral |
| An Tulaigh | Sráidbhaile na Tulaí |
| An Turlach Mór | Flynns ó Leacach |
| Tíne | Sráidbhaile Thíne |
| Baile Liam | In aice leis an Scoil Náisiúnta |
| An Ghráig | Sráidbhaile Na Gráige |

DRÉACHT

**Tá tuilleadh eolais maidir le Bainistíocht Bruscair i nGaillimh ar fáil ó:**

Rannóg Comhshaoil
Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh
H91H6KX

**Guthán:** 091 509510

**Ríomhphost:** environment@galwaycoco.ie

**Suíomh gréasáin:** www.galway.ie

**Lean muid ar Facebook nó**

https://www.facebook.com/Galwaycounty/

**Lean muid ar Twitter**

https://twitter.com/Galwaycoco

**Lean muid ar Instagram**

@galwaycountycouncil

DREACHT